An Bord Pleanála




# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

# 2022

# Misean:

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte le cinntiú go luífidh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

# Sainordú:

Bunaíodh an Bord Pleanála in 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1976 agus tá sé freagrach as achomhairc agus ábhair áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2022 agus iarratais dhíreacha ar Bhonneagar Straitéiseach agus Forbairtí Tithíochta a chinneadh.

Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí chun maidir le tógáil éigeantach talaimh ag údaráis áitiúla agus daoine eile faoi achtacháin éagsúla. Cinneann an Bord Pleanála achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Rialú Tógála freisin.

# 2022 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais:

Chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

De réir na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), cuireann an Bord Pleanála a Thuarascáil agus a Chuntais Bhliantúla i láthair leis seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022.



Oonagh Buckley

Cathaoirleach Eatramhach



Bríd Hill

Príomhoifigeach

Dáta: 17 Iúil 2023

# Achoimre 2022:

| Oibríochtaí | 2022 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| Cásanna Pleanála Faighte | 3,059 | | 3,251 | |
| Cásanna Pleanála Diúscartha | 2,115 | | 2,775 | |
| Oibríochtaí | Faighte | Diúscartha | Faighte | Diúscartha |
| Gnáthachomhairc Phleanála | 2,297 | 1,465 | 2,331 | 1,992 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Eintitis Phríobháideacha/Gealltóirí Reachtúla): Gach cás | 117 | 94 | 105 | 69 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil) | 43 | 27 | 31 | 30 |
| Tionscadail Eile na nÚdarás Áitiúil[1] | 110 | 90 | 138 | 146 |
| Iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta | 135 | 80 | 126 | 115 |
| Tobhach Láithreáin Folaimh | 31 | 52 | 62 | 28 |
| Cineálacha Eile Cásanna | 326 | 307 | 458 | 395 |
| Airgeadas | 2022 | | 2021 | |
| Ioncam | € | | € | |
| Deontas Oireachtais | 21,552,007 | | 16,612,341 | |
| Táillí / Aisghabháil | 6,543,460 | | 6,993,273 | |
| Eile[2] | 3,802,847 | | 3,142,490 | |
| Ioncam Iomlán | 31,898,314 | | 26,748,104 | |
| Caiteachas | 34,933,927 | | 30,835,336 | |
| Barrachas / ( Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | (3,035,613) | | (4,087,232) | |
| Aistriú ón / ( chuig) an gCuntas Caipitil | 322,441 | | 326,162 | |
| Barrachas /( Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasaí | (2,713,172) | | (3,761,070) | |

1 Measúnacht Oiriúnachta san áireamh
2 Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha, Ús ar Thaiscí agus Ioncam Ilghnéitheach san áireamh..

# Sracfhéachaint ar 2022

| | |
|---|---|
| Cásanna Pleanála Faighte: | 3,059 |
| Cásanna Pleanála Diúscartha*: | 2,115 |
| Gnáthachomhairc Phleanála Faighte: | 2,297 |
| Gnáthachomhairc Phleanála Diúscartha: | 1,465 |
| Forbairtí Straitéiseach Tithíochta Diúscartha: | 80 |
| Straitéisigh Diúscartha: | 121 |

| **Forbairtí Tithíochta Straitéisí - Iarratais** | | |
|---|---|---|
| | Deonaithe | Diúltaithe |
| Iarratais | 50* | 19 |
| Aonaid Chónaithe | 14,214 | 3,564 |
| Spásanna Leapa do Mhic Léinn | 1,110 | n/a |

* Cinneadh scoilte san áireamh

# Clár Ábhair


Achoimre 2022: ... 4

Ráiteas an Chathaoirligh: ... 7

1. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála ... 10

    Gach Cás Pleanála ... 11

    Achomhairc Phleanála ... 13

    Forbairt Bonneagair Straitéisigh ... 17

    Forbairt Tithíochta Straitéisí ... 19

    Forbairt Mhórscála Chónaithe ... 22

    Cineálacha Suntasacha Cásanna Eile ... 23

    Éisteachtaí ó Bhéal ... 25

    Tuarascálacha agus Moltaí ... 26

2. Gnóthaí Corparáideacha ... 27

    Imeachtaí Dlí ... 28

    Comhlíonadh ... 29

    Straitéis TFC ... 30

3. Rialachas ... 31

    Baill an Bhoird 2022 ... 32

    Foireann, sainchomhairleoirí seachtracha, agus gníomhairí dlíthiúla 2022 ... 33

    Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ... 35

    Bainistíocht Riosca ... 35

    Soláthar ... 35

    Íocaíochtaí Prasa ... 36

    Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí ... 36

    Eitic in Oifig Phoiblí ... 36

    Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú Inscne ... 37

4. Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais ... 38

    Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhaill an Bhoird ... 39

    Ráiteas ar an Rialú Inmheánach ... 49

    An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchisti Ioncaim Coimeádta ... 54

    Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach ... 55

    Ráiteas ar an Staid Airgeadais ... 56

    Ráiteas ar Shreafaí Airgid ... 57

    Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ... 58

# Ráiteas an Chathaoirligh:



**Ráiteas Tosaigh Thuarascáil Bhliantúil 2022**

*Tá an réamhrá seo á scríobh agam tar éis dom a bheith ceaptha ag an Rialtas mar chathaoirleach, ar bhonn eatramhach, i mí Eanáir 2023 faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022. Ba bhliain an-dúshlánach í 2022 don Bhord Pleanála. Tharraing an eagraíocht go leor aird rialála agus poiblí maidir lena hoibríochtaí agus a nósanna imeachta, go háirithe maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an phróisis chinnteoireachta. Is príomhfhócas de chuid an Bhoird in 2023 í an obair atá riachtanach chun muinín a athbhunú i gcroífheidhm an Bhoird Phleanála, mar atá cinntí tráthúla agus dea-réasúnaithe a dhéanamh ar iarratais phleanála agus achomhairc chun cabhrú le forbairt inbhuanaithe a sheachadadh in Éirinn.*

**Athbhreithniú ar an mBord Pleanála**

I mí Mheán Fómhair 2022 chuir Oifig an Rialtóra Pleanála tús le hathbhreithniú eagraíochtúil ar an mBord Pleanála i bhfianaise ábhair imní phoiblí a tarraingíodh anuas le linn 2022. Bhí dhá chéim san athbhreithniú agus eisíodh an chéad tuarascáil ar an 3 Deireadh Fómhair agus 11 mholadh ann. Eisíodh tuarascáil chéim 2 ar an 16 Nollaig, 2022 agus 23 moladh eile ann. Ceapadh na moltaí leis an aidhm nósanna imeachta a neartú, muinín an phobail as an mBord Pleanála a athbhunú agus éifeachtacht an chórais phleanála ina iomláine a chinntiú. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tAire Plean Gníomhaíochta don Bhord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá an Bord ag obair go réidh anois trí na gníomhartha atá leagtha amach ina phlean feidhmithe féin chun freagairt do na moltaí sin. Ar cheann de na bearta ba thábhachtaí bhí glacadh le Cód Iompair neartaithe do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann.

**Comhaltaí nua den Bhord a cheapadh**

Tar éis dom a bheith ceaptha ag an Rialtas mar Chathaoirleach eatramhach i mí Eanáir 2023, cheap an tAire Darragh O'Brien T.D. Chris McGarry mar Leas-Chathaoirleach. Ceapadh comhaltaí breise den Bhord, gach ceann acu seachas duine amháin ar bhonn eatramhach (1 bhliain), idir Eanáir agus Aibreán 2023, rud a thug líon iomlán chomhaltaí an Bhoird go dtí an teorainn reachtúil de 15. Cuirfidh an cumas méadaithe ag leibhéal an Bhoird ar chumas an bhoird oibriú i dtreo laghdú a dhéanamh ar an riaráiste oibre atá méadaithe le 2 bhliain anuas, ionas go ndéanfar cinnteoireacht thráthúil a athbhunú d'fhonn an treocht anuas i gcomhlíonadh na spriocthréimhse reachtúla a aisiompú. Beidh sé riachtanach amach anseo aon fholúntas ar leibhéal an Bhoird a líonadh go tráthúil, agus buanchomhaltaí den Bhord a cheapadh a ghlacfaidh ionad na seirbhíseach poiblí ar mo nós féin, a ceapadh ar bhonn eatramhach, chun é seo a chinntiú.

**Ualach Oibre agus Feidhmíocht**

In 2022, tháinig laghdú 6% go 3,059 ó 3,251 in 2021 ar líon na gcásanna pleanála a fuarthas. Ba é 2,115 líon iomlán na gcásanna a socraíodh in 2022, laghdú 23% ar an mbliain roimhe sin (2,775). Faoi dheireadh na bliana, b'ionann líon iomlán na gcásanna idir lámha agus 2,580, méadú ó 1,165 in 2021 agus b'ionann an ráta comhlíonta d'achomhairc agus 46%. Ba é 25 an meánlíon seachtainí le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc phleanála in 2022 (18.7 seachtain in 2021).

Faoi láthair tá thart ar 3,600 cás idir lámha ag an mBord ag fanacht le hanailís nó cinneadh, sin tuairim is líon bliana. Cé go mbeidh sé ina dhúshlán suntasach déileáil leis an riaráiste seo, an méadú ar bhallraíocht an Bhoird mar aon le roinnt tionscnamh eile lena n-áirítear éifeachtúlachtaí nua sa phróiseas a úsáidtear agus úsáid cigirí Táille in aghaidh an Cháis agus scéimeanna ragoibre, táim ag súil go méadófar líon na gcinntí go leanúnach sa dara leath de 2023.

**Dlí**

Caithfidh an Bord Pleanála déileáil le méadú ar líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha maidir lena chinntí. Cabhróidh ceapadh Stiúrthóir nua Gnóthaí Dlí le déanaí, a dhéanfaidh maoirsiú ar leathnú an aonaid dlí intí agus soláthar tacaíochtaí dlí seachtracha breise, lena chinntiú gur fearr a bheidh an Bord in ann athruithe ina thimpeallacht dhlíthiúil a ionsú de bharr reachtaíochta nó cinntí lena socraítear fasach, agus mar sin cinntí níos daingne ó thaobh an dlí a dhéanamh.

Tabhaíonn ionadaíocht os comhair na gCúirteanna costais dlí substaintiúla. Ba é €9.6 milliún an caiteachas ar chostais dlí in 2022 i gcomparáid le €7.6 milliún de chaiteachas in 2021, Roinntear na costais dlí seo idir costais an Bhoird le haghaidh ionadaíochta aturnae agus abhcóide agus íocaíocht as costais pháirtithe eile i gcásanna ina gcailltear nó ina ngéilltear an cás. Tá go leor íocaíochtaí fós le socrú, agus ceanglaítear ar an mBord soláthar leanúnach substaintiúil a dhéanamh do na dliteanais sin atá amuigh.

**Feidhmeanna nua a bhainistiú**

Tá na feidhmeanna suntasacha nua a sannadh don Bhord sa reachtaíocht le blianta beaga anuas ag dul i bhfeidhm ar ualach oibre an Bhoird. Tá an chéad bhabhta de phlé réamhiarratais ar thionscadail mhuirí a bhaineann leis an aeráid faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 tugtha chun críche. Fuarthas 615 achomharc a bhain le Cáin do Thalamh atá Criosaithe d’Fhorbairt Chónaithe faoi Alt 80 den Acht Airgeadais, 2021 i mBealtaine na bliana seo. Tá athstruchtúrú déanta ag an mBord ar a fhoireann cigireachta agus cheap an Bord an dara Stiúrthóir Pleanála a dhéanann maoirseacht ar Phleanáil Mhuirí agus Aeráide chun a chinntiú gur féidir leis déileáil go héifeachtach lena fheidhmeanna nua toilithe bonneagair agus leis na feidhmeanna den sórt sin atá aige cheana.

**Buíochas**

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair chrua agus do thiomantas fhoireann an Bhoird Pleanála a léirigh, in ainneoin na ndúshlán ar fad a bhí ann le bliain anuas, teacht aniar agus tiomantas do luachanna na seirbhíse poiblí agus a lean ar aghaidh ag obair go dian chun seachadadh a dhéanamh don phobal ar son an Bhoird Phleanála. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-sheirbhísigh phoiblí a d’oibrigh go deonach chun feidhmiú mar chomhaltaí Boird eatramhacha lena chinntiú go bhféadfaí croí-obair an Bhoird a dhéanamh. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Darragh O’Brien TD agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a dtacaíocht leanúnach.

Clúdaíonn an tuarascáil bhliantúil seo an bhliain 2022 agus tá an tuarascáil agus na Ráitis Airgeadais ghaolmhara á gcur i láthair agam mar léiriú iomlán ar oibríochtaí na heagraíochta sa bhliain sin.

**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta: 17 Iúil 2023**

# 1. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála

- Gach Cás Pleanála
- Achomhairc Phleanála
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh
- Forbairt Tithíochta Straitéisí
- Cineálacha Suntasacha Cásanna Eile
- Éisteachtaí ó Bhéal
- Tuarascálacha agus Moltaí

# Gach Cás Pleanála

In 2022, tháinig laghdú 6% ar líon na gcásanna pleanála a fuarthas go 3,059 ó 3,251 in 2021 (Fíor 1). Ba é 2,115 líon iomlán na gcásanna a cinneadh in 2022, laghdú 23% ar an mbliain roimhe sin (2,775). Faoi dheireadh na bliana, b'ionann líon iomlán na gcásanna idir lámha agus 2,580, suas ó 1,165 in 2021.

**Fíor 1: Cásanna a Iontógáil agus a Dhiúscairt 2018 – 2022**



# Spriocthréimhsí Reachtúla chun Cásanna a Chinneadh

*Forálacha sna hAchtanna um Pleanáil, Rialú Foirgníochta agus Truailliú Uisce agus i Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna seo a leagtar síos mar chuspóir de chuid an Bhoird Phleanála, a mhéid is atá praiticiúil, go ndéanfar achomhairc agus nithe áirithe eile a chinneadh laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna, is 18 seachtaine atá i gceist; baineann 4 mhí le cásanna áirithe ach i gcásanna eile níl aon spriocthréimhse ama reachtúil i bhfeidhm.*

In 2022, cinneadh 45% de na cásanna pleanála uile laistigh den spriocthréimhse reachtúil i gcomparáid le 57% in 2021.

**Fíor 2: Comhlíonadh na tréimhse cuspóra reachtúil 2018 -2022**




**Diúscairt cásanna i seachtainí**

Ba é 25.6 seachtain meánlíon na seachtainí a thóg sé gach cás pleanála in 2022 a chinneadh.

# Achomhairc Phleanála

*Eascraíonn achomhairc phleanála as cinntí ó údaráis phleanála maidir le hiarratais ar chead chun talamh a fhorbairt.*

Ba é 2,297 líon na n-achomharc pleanála a fuarthas in 2022 arbh ionann é agus 75% de na cásanna uile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird, laghdú de 34 ón líon a fuathas in 2021 (2,331).

**Fíor 3: Achomhairc Phleanála – Glacadh agus Diúscairt 2018 – 2022**




Bhí an 1,465 achomharc a diúscraíodh in 2022 níos ísle ná sa bhliain roimhe sin (1,992 in 2021).

Áirítear ar na cásanna a diúscraíodh achomhairc neamhbhailí, díofa agus tarraingthe siar, arbh ionann iad agus 401 san iomlán, agus díobh sin, bhí 289 cás neamhbhailí. Is achomhairc iad seo a dearbhaíodh a bheith neamhbhailí nuair nár comhlíonadh critéir reachtúla áirithe, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta, nó ar chúiseanna eile.

## Tréimhsí Cuspóireacha Reachtúla

Faoi dheireadh na bliana, ba é 46% an ráta comhlíonta d'achomhairc (Tábla 1). Ba é 25 an meánlíon seachtainí a thóg sé le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc phleanála in 2022 (18.7 seachtain in 2021).

**Tábla 1: Gnáth-Achomhairc Phleanála 2018– 2022**

| Bliain | Meánlíon Seachtainí | Ráta Comhlíonta (18 seachtain) |
|---|---:|---:|
| 2018 | 22.4 | 39% |
| 2019 | 18.4 | 69% |
| 2020 | 18.5 | 76% |
| 2021 | 18.7 | 58% |
| 2022 | 25 | 46% |

## Cineálacha Forbartha

Bhain 66% (1,527) de na hachomhairc go léir a fuarthas in 2022 le forbairt chónaithe sa raon idir feabhsúcháin tí go cóiríocht aon aonad agus ilaonad**.**

**Tábla 2: Achomhairc Phleanála de réir Cineál Forbartha a Fuarthas 2022**

| Cineálacha Forbartha | Uimhir |
|---|---|
| Talmhaíocht | 73 |
| Áiseanna Pobail | 57 |
| Oideachas agus Oiliúint | 20 |
| Fuinneamh agus Fóntais | 160 |
| Tionsclaíocht | 80 |
| Forbairt Mheasctha | 113 |
| Oifig | 15 |
| Caitheamh Aimsire | 148 |
| Cónaitheach (Briseadh síos ar an gcéad tábla eile) | 1527 |
| Miondíola | 86 |
| Iompar | 18 |
| **Iomlán** | **2297** |

| Cineálacha Forbartha (Cónaitheach) | Uimhir |
|---|---|
| Árasán/Déphléacsacha | 93 |
| Cóireáil Fuíolluisce Tí | 6 |
| Árasán Teaghlaigh /Seanóra | 16 |
| Feabhsuithe Tí | 489 |
| Teach/Tithe Tuaithe | 259 |
| Teach / Tithe (i Ionnaíocht) | 560 |
| Scéim tithíochta 100+ | 5 |
| Scéim Tithíochta 30+ | 90 |
| Lóistín do mhic léinn | 8 |
| Cóiríocht don Lucht Siúil | 1 |
| **Iomlán** | **1527** |

## Achomhairc Thosaíochta – Arna gcur i gcrích de ghnáth le Próiseáil

*Rangaítear catagóirí áirithe achomharc pleanála mar 'Achomhairc Thosaíochta' agus tugtar stádas tosaíochta dóibh d'fhonn iad a bhrostú a thuilleadh tríd an gcóras.*

Áirítear le hachomhairc tosaíochta forbairtí ar mhórscála tráchtála, forbairtí tithíochta, oideachais agus cúram sláinte, chomh maith le tionscadail infrastruchtúir shuntasacha nó tionscadail eile a dtugtar tosaíocht dóibh de réir bheartas an rialtais ag aon am ar leith. Tá achomhairc a bhaineann le Criosanna Forbartha Straitéisí san áireamh sa chatagóir seo freisin.

## Achomhairc Thithíochta

Mhéadaigh líon na n-achomharc a fuarthas maidir le forbairtí cónaithe ilaonad (30+) ó 86 in 2021 go 95 in 2022. Le linn 2022, diúscraíodh 66 achomharc ar fhorbairtí de 30+ aonad tithíochta (2 in aghaidh 100+ aonad).

**Fíor 4: Achomhairc Thithíochta a Fuarthas (30+ aonad)**




## Achomhairc de réir Ceantair.

Tá tábla d'achomhairc phleanála a fuarthas agus a cinneadh de réir ceantair ar fáil in Aguisín 4 den tuarascáil sin.

# Forbairt Bonneagair Straitéisigh

*D'fhoráil an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 d'iarratais dhíreacha ar fhorbairt bonneagair straitéisigh poiblí agus príobháideach beartaithe don Bhord Pleanála.*

**Eintitis Phríobháideacha/ Gnóthais Reachtúla (Iarratais Phríobháideacha)**

Baineann na hiarratais seo le forbairtí mórscála a chuimsíonn bonneagar fuinnimh, iompair, comhshaoil agus sláinte. Cuireadh 26 iarratas (7 gcinn phríobháideacha) isteach in 2022, a thug líon iomlán na n-iarratas a fuarthas go 203 (95 iarratas príobháideach) ó tháinig na forálacha reachtúla i bhfeidhm in 2007**.**

**Fíor 5: Miondealú ar chásanna iarratais d'Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a fuarthas ó 2007 go deireadh 2022**




Ba é 6% in 2022 (21% in 2021) an ráta comhlíonta leis an spriocthréimhse reachtúil ábhartha chun cinntí a dhéanamh don chatagóir cásanna seo, rud a léiríonn an leibhéal castachta agus an fhíric gur minic a bhíonn am breise ag teastáil chun éisteachtaí a reáchtáil agus eolas breise a iarraidh agus a bhreithniú.

Le linn 2022, rinneadh 9 n-iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéiseach phríobháideach, 8 n-iarratas ar fhorbairt leictreachais agus iarratas amháin ar fhorbairt stáit.

## Comhairliúchán Réamhiarratais

Sula gcuirtear iarratas isteach, tá sé éigeantach comhairliúchán réamhiarratais a bheith ann leis an mBord Pleanála (cé is moite d'údaráis áitiúla). In 2022, fuarthas 81 iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh ionchasaigh. Tionóladh 117 cruinniú, agus críochnaíodh 63 iarratas.

## Údaráis Áitiúla

Anuraidh fuarthas 20 iarratas bonneagair straitéisigh (lena n-áirítear iarratais cheannaigh éigeantaigh ghaolmhara) ó údaráis áitiúla. Críochnaíodh 3 iarratas le linn 2022.

## Ceannach Éigeantach

Tugadh 62 cás ceannaigh éigeantaigh chun críche in 2022. Bhí 43 cinneadh neamhfhoirmiúil ann, mar shampla, nuair nach bhfuarthas aon agóidí. As na 19 cás a cinneadh go foirmiúil, diúscraíodh 0% laistigh den spriocthréimhse reachtúil.

## Measúnacht Oiriúnachta ón Údarás Áitiúil

*Is éard is Measúnú Oiriúnachta ann measúnú ar an dochar nó an difríocht shuntasach a d'fhéadfadh plean nó tionscadal a dhéanamh d'iomláine suímh atá faoi chosaint ag Treoir AE maidir le Gnáthóga. I gcás ina n-iarrtar Measúnú Oiriúnachta maidir le tionscadal údaráis áitiúil nó i gcás ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil gá le Measúnú Oiriúnachta, is é an Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil.*

In 2022, fuarthas 40 cás Measúnaithe Oiriúnachta agus críochnaíodh 28 cás. As na 28 cás seo, ceadaíodh 20, diúltaíodh do 2, cinneadh nár ghá Ráiteas Tionchair Natura (NIS) le haghaidh 2 chás, cinneadh gur ghá Ráiteas Tionchair Natura in 2 chás agus diúscraíodh 2 chás eile (ceann a tarraingíodh siar, ceann neamhbhailí).

# Forbairt Tithíochta Straitéisí

*Déantar foráil san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2016 (a leasaíodh leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018) go gcaithfear iarratais áirithe ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta (100+ teach, 200 spás leapa i gcás cóiríocht do mhic léinn nó 200+ spás leapa i gcás aonad cóiríochta comhroinnte) a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála.*

## Iarratais

Cé go raibh an reachtaíocht maidir le SHD ag teacht chun deiridh i dtreo dheireadh 2021, in 2022 fuair An Bord Pleanála 127 iarratas bailí ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta (FTS). I rith na bliana, tugadh 80 iarratas FTS chun críche agus rinne an Bord cinneadh foirmiúil ar 69 iarratas. As na 69 gcinneadh a rinne an Bord, eisíodh 26 laistigh den tréimhse reachtúil (16 seachtaine nuair nach raibh aon éisteacht ó bhéal ann agus 24 seachtaine i gcás éisteacht ó bhéal). Ceadaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016, arna leasú, d'éisteachtaí ó bhéal a thionól maidir le hiarratais FTS i gcás ina bhfuil cás an-láidir le haghaidh éisteachtaí den sórt sin. Reáchtáil an Bord Pleanála 2 éisteacht ó bhéal ar iarratas FTS in 2022. Seo a leanas miondealú geografach ar iarratas bailí FTS a cinneadh in 2022.

**Fíor 6: Scaipeadh Geografach na nIarratas FTS a cinneadh 2022**



**Fíor a seacht: Cásanna SHD – Miondealú Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath**




As na 69 gcinneadh a rinneadh, thug an Bord cead le coinníollacha i 49 cás (71%) agus dhiúltaigh cead i 19 cás (28%), agus cinneadh scoilte ab ea cás amháin (1%). Faoi na 50* cinneadh sin, tugadh cead do 14,214 aonad cónaithe, ar tithe iad 2,672 agus árasáin iad 11,540 (lena n-áirítear 2,653 árasán 'Tóg lena ligean ar cíos'). Ina theannta sin, tugadh cead do 1,110 spás leapa do mhic léinn. Diúltaíodh cead do 3,564 aonad cónaithe, 615 díobh sin ina dtithe, 1,490 ina n-árasán agus 1459 le ceannach ar cíos.

| Tábla 3: Forbairtí Tithíochta Straitéisí - Iarratais 2022 | | |
|---|---|---|
| | Deonaithe | Diúltaithe |
| Iarratais | 50* | 19 |
| Aonaid Chónaithe | 14,214 | 3,564 |
| Spásanna Leapa do Mhic Léinn | 1,110 | n/a |

*Cinneadh scoilte san áireamh

## Comhairliúcháin Réamhiarratais

Éilíonn an reachtaíocht FTS go gcríochnóidh iarratasóir ionchasach próiseas comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord Pleanála roimh iarratas a chur isteach. Próiseas 9 seachtaine atá sa chomhairliúchán seo agus críochnaíonn sé nuair a eisítear 'Tuairim'.

De réir mar a d'athraigh an reachtaíocht maidir le FTS, ní raibh aon fhoráil ná cruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais in 2022. Mar sin féin, eisíodh 61 Tuairim maidir le réamhiarratais a iarradh le linn 2021.

**Rannán Tithíochta Straitéiseach an Bhoird Pleanála a dhíscaoileadh**

De bharr iarratais ón mBord Pleanála faoi fho-alt 11(10)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016, d'ordaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do Rannóg Tithíochta Straitéiseach An Bord Pleanála a dhíscaoileadh le héifeacht ón 8 Feabhra 2023.

Déanfar aon chinntí boird atá fágtha maidir le hiarratais ar fhorbairt tithíochta straitéiseach anois ag cruinniú ina mbeidh córam d'aon chumraíocht de bhaill an bhoird.

# Forbairt Mhórscála Chónaithe

*Gabhann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Mhórscála Chónaithe), 2021 ionad na reachtaíochta um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus forálann sé do phróiseas pleanála dhá chéim trí na húdaráis áitiúla agus ansin chuig an mBord ar achomharc. Tá nádúr na bhforbairtí FMC cosúil leis an gceann dá bhforáiltear faoin gcóras Fhorbairtí Straitéiseacha Tithíochta (100 teach nó níos mó, 200 nó níos mó spásanna leapa le haghaidh cóiríochta do mhic léinn nó 200 spás leapa nó níos mó d'aonaid chóiríochta roinnte)*

In 2022 fuair an Bord Pleanála 6 achomharc bhailí maidir le Forbairt Mhórscála Chónaithe faoi alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. I rith na bliana, tugadh 1 achomharc FMC chun críche leis an mBord ach lasmuigh den spriocthréimhse reachtúil 16 seachtaine.

Seo a leanas miondealú geografach ar na hachomhairc FMC bailí a cinneadh in 2022:

| **Tábla 4: Miondealú geografach ar achomhairc bhailí FMC** | |
|---|---|
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 3 |
| Fine Gall | 1 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 1 |
| Comhairle Contae na Mí | 1 |

# Cineálacha Suntasacha Cásanna Eile

## Tobhach Láithreáin Fholaimh:

*Foráiltear san Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 le haghaidh achomharc chuig an mBord Pleanála in aghaidh iontráil ar Chlár na Láithreán Folamh, nó in aghaidh an tobhaigh láithreán folamh nó an dá cheann.*

In 2022, fuarthas 31 achomharc, agus measadh 10 gcinn díobh sin a bheith neamhbhailí. I rith na bliana, rinne an Bord cinntí foirmiúla ar 42 cás den sórt sin.

## Tionscadail Leasa Choitinn:

*Is é an Bord Pleanála an t-údarás inniúil maidir le Tionscadail Leasa Choitinn faoi Rialachán 374/2013 na hEorpa ar Threoirlínte maidir le bonneagar fuinnimh tras-Eorpach. Baineann seo le nósanna imeachta nua a thug an tAontas Eorpach isteach mar chabhair chun an próiseas toilithe do thionscadail fuinnimh tras-Eorpacha a athchóiriú chun feabhais, tionscadail atá i liosta tionscadal Aontais a ghlac an Coimisiún Eorpach*

Nascann Tionscadail Leasa Choitinn (TLCanna) córais fuinnimh thíortha an Aontais Eorpaigh agus is féidir leo leas a bhaint as nósanna imeachta agus cistiú luathaithe ceada.

Chun an próiseas deonaithe ceadanna TLC a chur i bhfeidhm roghnaigh Éire an scéim chomhoibríoch mar mheicníocht chun an cinneadh cuimsitheach a eisiúint. Is é an Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil Náisiúnta (ÚIN) le haghaidh TLCanna. Is é ról an Bhoird Pleanála mar ÚIN faoin scéim ná comhordú a dhéanamh ar eisiúint na dtoilithe a theastaíonn ó na húdaráis lena mbaineann agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama.

Tá liosta tionscadal bonneagair fuinnimh curtha le chéile ag an gCoimisiún Eorpach ar a dtugtar tionscadail leasa choitinn. Roghnaítear na tionscadail seo chun cuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh a bhaint amach maidir le fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe. Bunaítear Liosta Aontais gach dhá bhliain. Tá measúnú déanta ag na Grúpaí Réigiúnacha dá dtagraítear sa Rialachán ar thionscadail ar Liosta an Aontais. Formheasann na Ballstáit a mbaineann na

tionscadail lena gcríocha gach tionscadal atá beartaithe, agus ní mór don Choimisiún Eorpach an Liosta a ghlacadh.

Aisghairtear Rialachán Eorpach 347/2013 maidir le treoirlínte do bhonneagar tras-Eorpach fuinnimh ón 23 Meitheamh, 2022. Tá Rialachán (AE) 2022/869 i bhfeidhm anois. Sainmhínítear catagóir nua tionscadal dá ngairtear Tionscadail Leasa Choitinn (TLCanna) sa Rialachán. Bunófar an chéad Liosta Aontais de thionscadail leasa choitinn agus de thionscadail leasa choitinn de bhun an Rialacháin athbhreithnithe.

## Tionscadal Greenlink:

Idirnascadh Éire-Ríocht Aontaithe idir Loch Garman agus Pembroke, an Bhreatain Bheag, uimhir thagartha 1.9 ar Liosta an Aontais agus Greenlink a thugtar air.

I mí Aibreáin 2022, eisíodh an cinneadh cuimsitheach don tionscadal agus ba é sin deireadh an phróisis deonaithe ceadúnais TLC don tionscadal.

## Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh:

Idirnascadh na Fraince-na hÉireann idir La Martyre agus Cnoc Rátha, uimhir thagartha 1.6 ar Liosta an Aontais agus an tIdirnascaire Ceilteach a thugtar air.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, eisíodh an cinneadh cuimsitheach don tionscadal agus ba é sin deireadh an phróisis deonaithe ceadúnais TLC don tionscadal.

# Éisteachtaí ó Bhéal

*Is gnách déileáil le hachomhairc agus tarchuir ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe mar aon le cigireacht suímh a dhéanann Cigire arna gceapadh ag an mBord Pleanála Bíodh go bhfuil sé de rogha ag an mBord cinneadh a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal a thionól maidir le cás ar bith os a chomhair nó gan é, reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal uaireanta maidir le cásanna CPO, iarratais ar bhonneagar straitéiseach agus cásanna eile atá casta agus / nó mór.*

I rith 2022, reáchtáladh 13 éisteacht ó bhéal. Bhain 9 gcinn acu sin le horduithe ceannaigh éigeantaigh (cuireadh ceann de na héisteachtaí seo le chéile le héisteacht um Fhorbairt Bóithre Údaráis Áitiúil), bhain ceann amháin le hiarratas iarnróid um fhorbairt bonneagair straitéisigh, bhain 2 le forbairtí tithíochta straitéiseacha agus bhain ceann amháin le hachomharc.

Reáchtáladh éisteachtaí ó bhéal beagnach / hibrideach, le ceann amháin i gCorcaigh agus ceann amháin i nGaillimh.

| Tábla 5: Éisteachtaí ó Bhéal | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ)** | 9 | 16 | 8 | 30 | 30 |
| **FBS / Tionscadal Údaráis Áitiúil** | 2* | 1 | 7 | 8 | 4 |
| **FTS** | 2 | 1 | 4 | 2 | 0 |
| **Achomhairc Phleanála** | 1 | 0 | 0 | 4 | 6 |
| **Criosanna Forbartha Straitéiseacha** | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Iomlán** | 13 | 18 | 19 | 44 | 42 |
| **Eisteachtaí ó bhéal beagnach / hibrideach** | 11 | 18 | 19 | 0 | 0 |

*Cuireadh éisteacht ó bhéal um Fhorbairt Bóithre Údaráis Áitiúil le chéile le héisteacht ó bhéal gaolmhar OCÉ agus mar sin áiríodh é mar 1. Léirítear é seo i líon iomlán na n-éisteachtaí ó bhéal in 2022.

# Tuarascálacha agus Moltaí

*Déanann Bord an Bhoird Pleanála cinntí ar gach achomharc agus iarratas bailí de bhun tuarascálacha, lena n-áirítear moltaí a ullmhaíonn cigirí. Ceaptar cigirí seachtracha tuairiscithe i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna Sábháilteacht Dóiteáin agus Rochtain Míchumais, nó mar speisialtóirí – mar shampla éiceolaithe, hidreolaithe – chun cuidiú leis an gcigire tuairiscithe inmheánach maidir le gnéithe ar leith de chásanna pleanála.*

Ullmhaíodh líon iomlán de 1,967 tuarascáil cigire don Bhord i gcaitheamh 2022, laghdú ar an 2,107 a ullmhaíodh i gcaitheamh 2021. Cigirí inmheánacha a d'ullmhaigh a bhformhór 1,928 (2,080 i gcaitheamh 2021). Cigirí tuairiscithe seachtracha a d'ullmhaigh 38 tuarascáil don Bhord i gcaitheamh 2022 (25 tuarascáil i gcaitheamh 2021).

I gcaitheamh 2022, ghlac an Bord go ginearálta le 89% de na moltaí a rinne na cigirí, ag teacht go ginearálta leis an nglacadh 89% i gcaitheamh 2021.

# 2. Gnóthaí Corparáideacha

- Imeachtaí Dlí
- Comhlíonadh
- Straitéis TFC

# Imeachtaí Dlí

In 2022, rinneadh 95 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird ón Ard-Chúirt chuig an gcúirt sin. Rinneadh 20 breithiúnas cúirte substainteach a sheachadadh in 2022, agus sheas 11 acu le dlíthiúlacht chinneadh an Bhoird agus i gcás 9 gcinn níor seasadh le cinneadh an Bhoird agus chuir siad an cinneadh ábhartha ar neamhní.

Ghéill an bord 35 agóid dhlíthiúil eile in 2022 agus tharraing na hiarratasóirí ar athbhreithniú breithiúnach 14 cás siar i rith na bliana.

**Fíor 8. Toradh Imeachtaí Dlí 2022**




Baineann cuid mhór den ualach cásanna méadaitheach d'athbhreithnithe breithiúnacha a bhaineann le cinntí an Bhoird Phleanála le ceisteanna casta nós imeachta agus léirmhínithe maidir le treoracha comhshaoil agus nósanna imeachta AE a bhaineann le láimhseáil iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta.

Glactar leis gur ghéill nó gur cailleadh líon níos mó cásanna dá leithéid de thoradh athbhreithnithe bhreithiúnaigh le déanaí agus is toradh é seo ar chastacht mhéadaitheach na saincheisteanna dlí Eorpacha sin agus saincheisteanna nua a bhaineann leis an bpróiseas straitéiseach tithíochta.

# Comhlíonadh

## Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Foráiltear leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, leis an Acht um Shaoráil Faisnéise agus leis na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol rochtain ar fhaisnéis áirithe ar oibríochtaí an Bhoird Phleanála.

Tugtar sonraí faoi ghníomhaíocht i gcaitheamh 2022 thíos:

| Tábla 7: Iarratais SF / RFC 2022 | 2022 | 2021 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | SF | RFC | SF | RFC |
| Iarratais faighte | 128 | 64 | 24 | 23 |
| Deonaithe | 47 | 21 | 9 | 7 |
| Go Páirteach Deonaithe | 49 | 19 | 3 | 1 |
| Diúltaithe | 24 | 24 | 12 | 15 |

## Ceisteanna ó Bhaill an Oireachtais

Tá socruithe i bhfeidhm ag an mBord Pleanála le heolas a chur ar fáil do bhaill an Oireachtais ar iarratas. I gcaitheamh 2022 fuarthas 32 ó bhaill an Oireachtais. Foilsítear freagraí ar cheisteanna gach ráithe ar ár suíomh gréasáin.

## Comhfhreagras Iar-Chinnidh

Eisíodh 198 freagra san iomlán le cumarsáid maidir le cásanna cinntithe in 2022. Ba é an t-ábhar ba choitianta a ardaíodh ná forfheidhmiú (65 ceist). Baineann na ceisteanna seo le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cinneadh an Bhoird á chur i bhfeidhm i gceart. Is ábhair don údarás pleanála na cumhachtaí forfheidhmithe, léirithe agus comhlíonta maidir le téarmaí Orduithe Boird. Ina theannta sin, fuair an Bord 30 teachtaireacht maidir le léirmhíniú / soiléiriú ar a chinntí.

## Rochtain Phoiblí

De ghnáth bíonn cáschomhaid ar fáil lena n-iniúchadh laistigh de thrí lá tar éis don Bhord Pleanála an cinneadh a dhéanamh. Is gnách go mbíonn cáschomhaid níos sine a socraíodh le dhá bhliain anuas ar fáil le breathnú orthu laistigh de lá oibre nó dhó. Tógann cáschomhaid a cinneadh breis is dhá bhliain ó shin agus boscaí ina bhfuil líníochtaí ceithre nó cúig lá oibre chun teacht ar ais chuig ár n-oifig.

Ba é 1,246 líon na n-iarratas rochtana poiblí ar chomhaid cásoibre faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt in 2022, agus ghin iarratas amháin 2,000 taifead cruinnithe boird.

### Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta Cosanta Sonraí (RGCS)

Tá reachtaíocht Cosanta Sonraí agus Cosaint Sonraí RGCS i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt don duine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Cuirtear mionteagasc ar gach ball foirne maidir lena n-oibleagáidí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag an mBord. I gcaitheamh 2022, fuair an Bord 19 iarratas cosanta sonraí agus eisíodh 19 freagra.

### An Ghaeilge

Cuireann an Bord Pleanála fáilte roimh dhaoine a úsáideann an Ghaeilge ina gcuid gnó leis agus geallann an eagraíocht a oibleagáidí agus a ghealltanais i leith na Gaeilge, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021, faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, faoina Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus faoina Scéim Ghaeilge féin, a chomhlíonadh.

I gcaitheamh 2021 ghlacamar lenár gceathrú Scéim Teanga. Féachann an scéim seo le tógáil ar scéimeanna roimhe seo trí sheirbhísí a chothabháil agus a fheabhsú sa dá theanga oifigiúla (Gaeilge agus Béarla).

## Straitéis TFC

Lean Foireann TFC an Bhoird Pleanála de bheith ag tacú leis an bhfoireann ar an láthair agus go cianda le linn 2022.

Tháinig ár n-oibríochtaí slándála go mór in aibíocht i rith na bliana agus déanann ár bhfoireann measúnú bliantúil ar a aibíocht i gcomparáid le caighdeáin tionscail ag baint úsáid as an bpróiseas seo chun feabhsú leanúnach a thiomáint.

Cuireadh roinnt tionscnamh straitéiseach TFC i bhfeidhm chun ár gcórais a dhéanamh níos cobhsaí agus níos athléimní. Áiríodh orthu seo feidhmiú céimneach sraith Slándála Microsoft 365, Balla Dóiteáin Feidhmchláir Ghréasáin, Geata Sonraí agus athléimneacht fheabhsaithe do go leor córas gnó agus cothabháil roinnt córas feidhme eile.

# 3. Rialachas

- Baill an Bhoird
- Foireann, sainchomhairleoirí seachtracha, agus gníomhairí dlíthiúla 2022
- Cód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit
- Bainistíocht Riosca
- Soláthar
- Íocaíochtaí Prasa
- Comhionannas Earnála Poiblí agus Dínit Chearta an Duine
- Eitic in Oifig Phoiblí
- Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú Inscne

# Baill an Bhoird 2022



**Oonagh Buckley**
Leaschathaoirleach Eatramhach*



**Chris McGarry**
Gnáthbhall*



**Stephen Bohan**
Gnáthbhall



**Patricia Calleary**
Gnáthbhall



**Dave Walsh**
Cathaoirleach*



**Paul Hyde**
Leaschathaoirleach*



**Michelle Fagan**
Gnáthbhall*



**Dr Maria FitzGerald**
Gnáthbhall*



**Terry Ó Niadh**
Gnáthbhall*



**John Connolly**
Gnáthbhall*

* Féach an **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird** le haghaidh nuashonruithe ar ghluaiseachtaí an Bhoird.

# Foireann, sainchomhairleoirí seachtracha, agus gníomhairí dlíthiúla 2022

**Príomhoifigeach**
Brid Hill

**An Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha**
Gerard Egan

**Stiúrthóir Pleanála**
Rachel Kenny

**Stiúrthóir Cúnta Pleanála**
Stephen Kay, Ciara Kellett, Stephen O'Sullivan, Tom Rabbette, Brendan Wyse

**Cúntóirí Riaracháin Sinsearacha**
Chris Clarke, Diarmuid Collins, Barry Devine, Marcella Doyle, Mary Holohan, Mary Kelly, Anne Killian, Carol Moloney, Ellen Morrin, Paddy Tallon

**Cigirí Pleanála Sinsearacha**
Paul Caprani, Una Crosse, Mary Crowley, Phillip Davis, Jane Dennehy, Michael Dillon, Lorraine Dockery, Donal Donnelly, Fiona Fair, Stephanie Farrington, Pauline Fitzpatrick, Karen Hamilton, Niall Haverty, Phillipa Joyce, Gillian Kane, Suzanne Kehely, Mary Kennelly, Mairead Kenny, Karen Kenny, Sarah Lynch, Mary MacMahon, Hugh Mannion, Colin McBride, Karla McBride, Dolores McCague, Daire McDevitt, Conor McGrath, Susan McHugh, Colm McLoughlin Kevin Moore, Sarah Moran, Rachel Gleave O'Connor, Ronan O'Connor, Una O'Neill, Elaine Power, Stephen Rhys-Thomas, Louise Treacy, Stephen Ward

**Éiceolaí**
Maeve Flynn

**Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha**
Sile Bannon, Frances Barrett, Bronwyn Byrne, Sarah Byrne, Phillip Canny, Muiriosa Cassells, Cora Cunningham, Pierce Dillon, Kieran Doherty, Gavin Duffy, Jane Gilvarry, Grainne Kelly, Eimear Mangan, Nichola Meehan, Nora Ryan, Sean Ryan, Sorcha Skelly, Colm Walsh, Siobhan White

**Cigirí Pleanála**
Liam Bowe, Ian Boyle, Angela Brereton, Ian Campbell, Siobhan Carroll, Margaret Commane, Auriol Considine, Caryn Coogan, Brendan Coyne, Alaine Clarke, Susan

Clarke, Maire Daly, Emer Doyle, Enda Duignan, Leslie Howard, Anthony Kelly, Deirdre Mac Gabhann, Brid Maxwell, Hugh Morrison, Barry O'Donnell, Fergal O'Bric, Paul O'Brien, Adrian Ormsby, Lucy Roche, Robert Speer, Elaine Sullivan, Patricia Marie Young

**Oifigigh Feidhmiúcháin**
Miriam Baxter, David Behan, Audrey Boyle, Darina Boyle, Stewart Browne, Patrick Buckley, Karen Byrne, John Cannon, Jennifer Carleton, Sarah Caulfield, Diona Chiforescu, Lita Clarke, Roslyn Collins, Stephen Deighan, Aishling Doherty, Rita Donnelly, Gary Dorgan, Aoife Duffy, Edel Ennis, Regina Fitzgerald, Patricia Fitzpatrick, Sean Foley, Liam Halpin, Josephine Halpin, Emma Haughan, Karen Hickey, Niamh Hickey, Catríona Holland, Emer Keane, Rory Kelledy, Derek Kelly, Violet Kennedy, Aisling Keogh, Mark Kielty, Katarzyna Kowal, Patricia Leggett, Mark Masterson, Aisling Matthews, Yvonne McCormack, Susan Maxwell, Brid McManus, Sue Morel, Carmel Morgan, Ciaran Murray, Donal O'Connor, David O'Hara, Eoin O'Sullivan, Lisa Quinn, Aisling Reilly, Eimear Reilly, Kieran Somers, James Sweeney, Niamh Thornton, Brid Tiernan, Mary Tucker

**Cúntóirí Riaracháin**
Christine Brennan, Gillian Borgan, Anthony Byrne, Cathal Colcannon, Bill Coleman, Christine Denning, Edel Dunne, Thomas Edlin, Jade Farrell, Alice Faye Staunton, Catherine Flynn, Carol Gaffney, Silvia Villarroel Garica, Siobhan Gavin, Hannah Keane, Orlagh Kearney, Anthony Kelly, Anna Kelsh, Mark Lawlor, Mary Ledwith, Aine Loughran, Lee Maguire, Lauren Murphy, Olivia MacArthur, Shaun McGee, Kevin McGettigan, Evan McGuigan, Ellen McKittrick, Anthony McNally, Ellen Moss, Lydia Mullen, Christine Noctor, Anna Rychlinska, Saoirse Smith, Zoe Spillane, Wendy Sullivan, Stephen Sutton, Ciara Teeling, Aoife Whelan, Barbara White, Klaudia Wiezowska

**Comhairleoirí Seachtracha**
Abate Counselling, Brendan Murphy, Callaghan Engineering, Des Fortune & Associates, Envireau Water, Ergos Services, Evros, PAPS, Jeremy Gardner & Associates, Maurice Johnson & Partners, Michael Slattery & Associates, Raymond J Connolly, Fire & Risk Solutions, Rao Rapolu, Thomson Ecology, Wonder Works

**Gníomhairí Dlíthiúla**
Philip Lee, Fieldfisher LLP

# Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an Bord Pleanála meáite ar a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais a athbhreithniú go leanúnach agus oiliúint agus treoir chun dáta a fháil ionas go gcomhlíontar riachtanais an dea-chleachtais sa réimse seo.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord Pleanála ar a shocruithe agus a nósanna imeachta rialachais le cinntiú go bhfuil siad ailínithe go cuí le gach foráil ábhartha de Chód 2016

# Bainistíocht Riosca

Is príomhthosaíochtaí iad struchtúir agus nósanna imeachta rialachais a bhaineann le Bainistíocht Riosca. Tá cúram ar an mBord as forléargas ar an mbainistithe riosca laistigh den eagraíocht, a chinneann goile chun riosca na heagraíochta agus a chothabhálann an Clárleabhar Riosca Chorparáidigh i gcaitheamh na bliana.

# Soláthar

Mar chomhlacht poiblí, úsáideann an Bord Pleanála conarthaí lárnacha a chuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) i bhfeidhm agus raon earraí agus seirbhísí a fhaightear go coitianta á soláthar aige.

In 2022, soláthraíodh na seirbhísí seo a leanas (os cionn €25,000) faoi chreataí arna n-oibriú ag an OGP:

- Seirbhísí Ailtireachta Fhorbróirí Feidhmchlár (TFC)
- Seirbhísí Iniúchóireachta
- Seirbhísí Forbróirí CRM (TFC)
- Seirbhísí Ceadúnaithe Microsoft (TFC)
- Athbhreithniú ar Chóras Cásbhainistíochta TFC
- Seirbhísí Forbróirí Bogearraí (TFC)

Fuarthas seirbhísí Taifeadta Éisteachtaí ó Bhéal agus Cruinnithe tar éis comórtais oscailte. Soláthraíodh seirbhísí tacaíochta Microsoft Premier agus Seirbhísí Tacaíochta TFC (Córas Bainistíochta Cásanna) freisin tar éis faomhadh an Bhoird.

# Íocaíochtaí Prasa

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Foilsíonn an Bord Pleanála a thuarascálacha ráithiúla ar Íocaíochtaí Prasa ar a shuíomh gréasáin.

# Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí

Ceanglaíonn Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí féachaint don mhéid seo a leanas agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu:

- Deireadh a chur le hidirdhealú.
- Comhionannas deise agus caitheamh comhionann a chur chun cinn leis an bhfoireann agus leis na daoine dá soláthraítear seirbhísí - tá ár nOifigeach Rochtana ar fáil chun rochtain ar ár seirbhísí a éascú do gach ball den phobal a mhéid is réasúnta agus is indéanta.
- Cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

# Eitic in Oifig Phoiblí

Tagann an Bord Pleanála faoi chuimsiú an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí 1995 agus 2001 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Nuair a bhí gá leis, thug comhaltaí an Bhoird agus baill foirne ráitis maidir le sainleasanna chun forálacha an Achta a chomhlíonadh.

# Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú Inscne

Amhail an 31 Nollaig 2022, b'ionann an chothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird agus 4 baineannach agus 2 fhear agus 4 phost folamh.

I gcaitheamh 2022, chuir an Bord Pleanála oiliúint éigeantach ar líne maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) i bhfeidhm do gach ball foirne agus do gach ball den Bhord. Chuir an Bord tús le tionscnamh taithí oibre 6 seachtaine freisin le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) ar cuireadh síneadh leis. Rinneadh roinnt athruithe ar an timpeallacht thógtha inár n-oifigí chun inrochtaineacht agus cuimsiú a fheabhsú a thuilleadh. Is croíluach eagraíochta é EDI a chuirtear chun cinn trí earcaíocht chomhdheiseanna agus straitéisí leanúnacha chun feasacht agus inrochtaineacht sa Bhord a fheabhsú do bhaill foirne agus do bhaill an Bhoird. Tá an Bord Pleanála ag cloí go hiomlán le Cuid 5 den Acht um Míchumas agus lenár riachtanais faoin reachtaíocht Comhionannais.

# 4. Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais

- Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhaill an Bhoird
- Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim
- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar an Staid Airgeadais
- Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Bhaill an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 Is ar an mBord Pleanála atá an cúram as achomhairc agus gnóthaí áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022 agus as iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, lena n-áirítear mórthograí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí chun maidir le tógáil éigeantach talaimh ag údaráis áitiúla agus daoine eile faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus as dea- rialachas corparáideach a chinntiú. Is iad an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus treo an Bhoird Pleanála.

Ní mór don Chathaoirleach, Príomhoifigeach agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo ginearálta straitéiseach a shocraíonn an Bord, agus a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar phríomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí na heagraíochta, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn, Gníomhaíonn an Cathaoirleach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta an Bhoird Pleanála.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna forálacha reachtúla sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2022 agus sa reachtaíocht ghaolmhar.

Ceaptar an Cathaoirleach agus gnáthbhaill an Bhoird i gcáil lánaimseartha agus ní cheadaítear dóibh aon phost ná fostaíocht íoctha eile a bheith acu. Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shocraíonn leibhéil tuarastail an Chathaoirligh agus gnáthbhaill an Bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a gcion a dhéanamh chun cinntí tráthúla ar ardchaighdeán a sholáthar ar achomhairc agus ar iarratais phleanála agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach na heagraíochta. Anuas ar

chruinnithe laethúla chun cásobair phleanála a bhreithniú, bíonn cruinnithe míosúla ag an mBord maidir le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Pleanála.

Tá buanmhíreanna i bpáirt ag na Cruinnithe Ginearálta seo den Bhord:

- Tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Tuarascálacha bainistithe agus anailíse riosca
- Ceadú agus athbhreithniú ar bheartais chorparáideacha
- Buiséad bliantúil a cheadú agus faireachán a dhéanamh air,
- Plean seachadta bliantúil a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh air chun gealltanais agus gníomhartha i bPlean Straitéiseach 5 bliana an Bhoird a chomhlíonadh,
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Iniúchadh Inmheánach,
- Tuarascálacha bainistíochta ar Ghnóthaí Dlíthiúla, agus
- Aon ábhair eile atá forchoimeádta don Bhord le cinneadh a dhéanamh ina leith.

Ceanglaíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar an mBord Pleanála Cód Cleachtais a ghlacadh maidir le déileáil le coimhlintí leasa agus muinín an phobail a chothú in iomláine na slí a sheoltar gnó an Bhoird. Tá an Cód a ghlac an Bord ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird. Comhlíonann forálacha an Chóid riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is é beartas an Bhoird Pleanála an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead agus earraí agus seirbhísí á gceannach ar son na heagraíochta. Mar chomhlacht poiblí, moltar don Bhord Pleanála úsáid a bhaint as teagmhálaithe lárnacha atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSF) agus raon earraí agus seirbhísí coitianta á gceannach. I gcás nach bhfuil aon teagmhálaí lárnach ar fáil, gníomhaíonn an Bord Pleanála de réir Threoirlínte Soláthair an AE agus beartas agus prótacail inmheánacha an Bhoird Pleanála maidir le soláthar. Anuas ar sin, comhlíonann an Bord Pleanála riachtanais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Chód Leasaithe um Chaiteachas Poiblí maidir le caiteachas.

Ceanglaítear ar an mBord Pleanála, faoi Alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, gnáthchuntais chruinne a choimeád ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord Pleanála:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh,
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin más míchuí a cheapadh go leanfaidh sé dá ghnó, agus
- a chur in iúl cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith, le cruinneas réasúnta, stádas airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Tá cúram ar an mBord as cothabháil agus iomláine gach eolais ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála maidir le haon ghnóthaí corparáideacha nó airgeadais.

Tá an Bord freagrach as plean seachadta agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ag Cruinniú Ginearálta an Bhoird ar an 27 Eanáir 2022 ar fheidhmíocht an Bhoird Pleanála ó thaobh an phlean seachadta agus an bhuiséid bhliantúil maidir le 2022.

Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhraith.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála léargas fírinneach cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus stádas airgeadais an Bhoird Pleanála amhail ar an 31 Nollaig 2022.

**Struchtúr an Bhoird**

In 2022, foráiltear san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, gur Cathaoirleach agus naonúr gnáthbhall a bheidh ar an mBord agus go gceapfar duine amháin acu ina Leaschathaoirleach.

In 2023, d’athraigh reachtaíocht leasaitheach, a ritheadh i mí na Nollag 2022, an staid sin. Forálann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú ag an An Bille um Pleanáil agus Forbairt agus um Imeall Trá (Leasú), 2022. Uimh. 115 de 2022, go mbeidh an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus cibé líon gnáthchomhaltaí, suas go dtí uasmhéid de 14 ag féachaint do líon agus nádúr na n-iarratas, na n-achomharc, na dtarchur nó nithe eile a bhfuil baint ag an mBord leo. De ghnáth is é seacht mbliana téarma oifige an Chathaoirligh agus is féidir an Cathaoirleach a athcheapadh ar feadh an dara téarma oifige nó téarma oifige ina dhiaidh sin, ar choinníoll go bhfuil sé nó sí ina Chathaoirleach tráth an athcheaptha. Foráiltear san Acht leasaithe go bhféadfar duine atá cáilithe go cuí, i dtuairim an

Rialtais, a cheapadh mar Chathaoirleach go ceann tréimhse nach faide ná 12 mhí mura bhfuil aon chathaoirleach ceaptha faoi alt 105. Cúig bliana atá i dtéarma oifige na nGnáthbhall Boird (lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach), agus féadfar na comhaltaí sin a athcheapadh ar feadh an dara téarma nó téarma dá éis, ar choinníoll gur comhalta atá ag dul as oifig an duine lena mbaineann tráth an athcheaptha. Tá ballraíocht an Bhoird lánaimseartha.

Bhí leibhéal níos airde athraithe i mballraíocht an Bhoird in 2022 agus go luath in 2023, ná mar is gnách, mar atá leagtha amach sa tábla thíos a shonraíonn an tréimhse/na tréimhsí ceapacháin do chomhaltaí:

| Comhalta den Bhord | Ról | Dáta ceaptha |
|---|---|---|
| Dave Walsh | Cathaoirleach | 30 D. Fómhair 2018 |
| | Níl sé in oifig a thuilleadh | 3 Samhain 2022 |
| Paul Hyde | Gnáthbhall | 1 Bealtaine 2014 |
| | Athcheapadh faofa le glacadh | 1 Bealtaine 2019 |
| | Ceaptha mar L'chathaoirleach | 29 Eanáir 2019 |
| | Níl sé ceaptha a thuilleadh | 8 Iúil 2022 |
| Oonagh Buckley | Comhalta Eatramhach den Bhord | 12 Nollaig 2022 |
| | Ceaptha ina Cathaoirleach Ionaid Eatramhach | 14 Nollaig 2022 |
| | Ceaptha ina Cathaoirleach Eatramhach | 11 Eanáir 2023 |
| Dr Maria FitzGerald | Gnáthchomhalta | 10 Iúil 2017 |
| | Athcheaptha | 10 Iúil 2022 |
| | Chuaigh as oifig | 10 Feabhra, 2023 |
| Terry Ó Niadh | Gnáthchomhalta | 4 M. Fómhair 2017 |
| | Téarma éagtha | 3 M. Fómhair 2022 |
| John Connolly | Gnáthchomhalta | 18 M. Fómhair 2017 |
| | Téarma éagtha | 17 M. Fómhair 2022 |
| Michelle Fagan | Gnáthchomhalta | 12 Feabhra, 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| | Athcheaptha | 1 Eanáir 2020 |
| | Téarma éagtha | 11 Feabhra, 2023 |
| Stephen Bohan | Gnáthchomhalta | 11 Meith. 2018 |
| | Athcheaptha | 1 Eanáir 2020 |
| Chris McGarry | Gnáthchomhalta | 1 Feabhra 2019 |
| | Ceaptha ina Chathaoirleach Ionaid | 12 Eanáir 2023 |
| Patricia Calleary | Gnáthchomhalta | 22 Márta 2022 |
| Mick Long | Comhalta Eatramhach den Bhord | 3 Eanáir 2023 |
| Peter Mullan | Comhalta Eatramhach den Bhord | 9 Eanáir 2023 |
| Stephen Brophy | Comhalta Eatramhach den Bhord | 9 Eanáir 2023 |
| Una Crosse | Comhalta Eatramhach den Bhord | 27 Feabhra, 2023 |
| Tom Rabbette | Comhalta Eatramhach den Bhord | 1 Márta 2023 |
| Mary Henchy | Comhalta Eatramhach den Bhord | 17 Aibreán 2023 |
| Eamonn J. Kelly | Gnáthchomhalta | 24 Aibreán 2023 |
| Joe Boland | Comhalta Eatramhach den Bhord | 24 Aibreán 2023 |
| Mary Cregg | Comhalta Eatramhach den Bhord | 24 Aibreán 2023 |
| Martina Hennessy | Comhalta Eatramhach den Bhord | 24 Aibreán 2023 |
| Eamonn P. Kelly | Comhalta Eatramhach den Bhord | 24 Aibreán 2023 |
| | D'éirigh as | 5 Iúil 2023 |

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an mBord ar a bhfuil beirt chomhalta den Bhord agus beirt chomhalta sheachtracha, duine amháin acu ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniuchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Scaiptear miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an mBord agus cuireann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Choiste i gcaitheamh na bliana faoi bhráid an Bhoird.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2022: Patricia Byron (Cathaoirleach Seachtrach), Raymond Dolan (Comhalta seachtrach) agus comhaltaí an Bhoird, Stephen Bohan, John Connolly agus Chris McGarry.

Ceithre chruinniú a bhí ag an gcoiste in 2022.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Gheofar leagtha amach thíos sceideal tinrimh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2022:

| | **Cruinnithe Ginearálta den Bhord** | | **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | |
|---|---|---|---|---|
| | A | B | A | B |
| Dave Walsh[5] | 7 | 7 | | |
| Paul Hyde[4] | 5 | 3 | | |
| Oonagh Buckley | | | | |
| Dr Maria FitzGerald | 7 | 6 | | |
| Terry Ó Niadh[2] | 6 | 6 | | |
| John Connolly[1, 3] | 6 | 6 | 3 | 3 |
| Michelle Fagan | 7 | 6 | | |
| Stephen Bohan[1] | 7 | 3 | 2 | 2 |
| Chris McGarry[1] | 7 | 7 | 2 | 2 |
| Patricia Calleary | 5 | 5 | | |

**A** Líon na gcruinnithe le linn tionacht gach Comhalta den Bhord in 2022
**B** Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
[1] Comhalta den Bhord a bhí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2022. [2] D'éag an téarma an 3 M. Fómhair 2022
[3]D'éag an téárma an 17 Meán Fómhair 2022 [4]d'éirigh as oifig 8 Iúil 2022 [5]D'éirigh as oifig 3 Samhain 2022

Ní íoctar aon táille le comhaltaí an Bhoird agus nochtar costais a íoctar i Nóta 6(d) de na Ráitis Airgeadais.

## Príomhathruithe Pearsanra

Bhí leibhéal níos airde athraithe i gcomhaltacht an Bhoird in 2022 agus go dtí seo in 2023, ná mar is gnách. D'éirigh an Leas-Chathaoirleach (i mí Iúil 2022) agus an Cathaoirleach (i mí na Samhna 2022) as a róil. Ceapadh Leas-Chathaoirleach eatramhach ón státseirbhís i mí na Nollag 2022 (faoi Acht 2000, arna leasú), tar éis í a bheith ceaptha ina gnáthchomhalta dhá lá roimhe sin, agus ina Cathaoirleach eatramhach i mí Eanáir 2023 de bhun na reachtaíochta leasaitheach a rith an tOireachtas i mí na Nollag 2022.

Tháinig deireadh le téarmaí beirt chomhalta eile den Bhord eile i Meán Fómhair 2022, agus tháinig deireadh le téarmaí beirt chomhalta eile den Bhord i mí Feabhra 2023.

Ceapadh triúr chomhalta den Bhord as foireann an Bhoird, duine amháin i Márta 2022, agus beirt ar bhonn eatramhach i bhFeabhra/Márta 2023.

Ceapadh triúr comhalta eatramhach den Bhord ón státseirbhís i mí Eanáir 2023.

Ceapadh comhalta amháin den Bhord i mí Aibreáin 2023.

Ceapadh cúigear comhalta eatramhach den Bhord ón státseirbhís i mí Eanáir 2023.

Go ceann bliana a ceapadh gach comhalta eatramhach den Bhord.

## Nochtadh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon An Bord Pleanála riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

***Miondealú ar shochair fostaithe (comhaltaí an Bhoird san áireamh)***

Nochtar an miondealú ar shochair fostaithe i Nóta 6(f) leis na Ráitis Airgeadais.

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

| | **2022** | **2021** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Comhairle dlí | 346,441 | 91,463 |
| Comhairle achtúireach | 4,858 | 4,920 |
| Sainchomhairleoireacht TFC | 21,047 | 12,665 |
| Tionscadal Plean-It Shainchomhairleoireacht TFC | 838,013 | 1,040,583 |
| Acmhainní Daonna | 14,068 | 19,623 |
| Feabhsú gnó | 96,586 | 0 |
| Eile | 52,140 | 35,884 |
| **Iomlán na gcostas sainchomhairleoireachta** | **1,373,153** | **1,205,138** |

| | | |
|---|---:|---:|
| Costais chomhairleoireachta caipitlithe | 0 | 97,442 |
| Costais chomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 1,373,153 | 1,107,696 |
| **Iomlán** | **1,373,153** | **1,205,138** |

## Costais dlí

Gheofar sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí. Cuimsíonn na costais seo costais dlí an Bhoird féin, go príomha d’ionadaíocht aturnae agus abhcóide i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na gcúirteanna uachtaracha agus Chúirt

Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus dliteanais costais a íoc as fo-chostais eile sna cásanna seo ina dtagann dliteanais den sórt sin chun cinn. mar thoradh ar phróiseas na Cúirte. Ní áirítear ar sin caiteachas a tabhaíodh ar chomhairle ghinearálta dlí a fuair an Bord Pleanála; nochtar é sin sna costais chomhairleoireachta thuas.

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí dlí an Bhoird Phleanála – imeachtaí dlí | 4,827,009 | 3,362,819 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Costais dlí an taoibh eile - imeachtaí dlí | 4,831,046 | 4,209,469 |
| **Iomlán** | **9,658,055** | **7,572,288** |

## Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Déantar caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Lóistín | | |
| - An Bord* | 904 | 33 |
| - Fostaithe | 122,111 | 133,832 |
| - Sainchomhairleoirí Pleanála | 501 | 0 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - An Bord | 0 | 0 |
| - Fostaithe | 738 | 0 |
| **Iomlán** | **124,254** | **133,865** |

**áirítear air taisteal agus cothabháil de €719 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2022 (2021: €33).

## Caiteachas ar Fháilteachtas

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fáilteachas foirne | 625 | 0 |
| Fáilteachtas cliant | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **625** | **0** |

## Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Bord Pleanála sásta go gcomhlíontar gach riachtanas infheidhme den Chód.

Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:



**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta:** 17 Iúil 2023



**Mr. Chris McGarry,**
Deputy Chairperson
**Dáta:** 17 Iúil 2023

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Phleanála, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. San áireamh sa fhreagracht seo tá riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca a bhainistiú i leith leibhéal soghlactha, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm in An Bord Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an mBord Pleanála ar a bhfuil beirt chomhalta den Bhord agus beirt chomhalta sheachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, duine acu ina Chathaoirleach. Ceithre chruinniú a bhí ag an ag an CIR in 2022.

Bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann feidhm iniúchóireachta inmheánaí, chomh maith, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus a thugann faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an mBord Pleanála a leagann amach a ghoile chun riosca, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas seo don fhoireann ar fad a mheastar a bheidh ag obair laistigh de bheartais bainistithe riosca an Bhoird Pleanála, chun foláireamh a thabhairt don bhainistíocht maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Pleanála trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistiochta atá á ndéanamh chun díriú orthu, agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí don Bhord Pleanála agus rinneadh iad sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord an clárleabhar a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil nó leathbhliantúil.

Úsáidtear torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun féachaint chuige go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar an fhreagracht as oibriú na rialuithe do bhaill áirithe foirne. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú leanúnach
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,

- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus

- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíochtaí tréimhsiúla agus bliantúla agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun comhlíonadh a chinntiú i gcás na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon an Bord Pleanála na nósanna imeachta sin ó thús deireadh 2022. Bhí seirbhís amháin ann mar ar admhaíodh cheana nár comhlíonadh na riachtanais soláthair go hiomlán. Le linn 2021, chuir an Bord Pleanála tús le próisis tairisceana don tseirbhís seo d'áiseanna cartlainne a bhíothas ag súil le bheith críochnaithe in 2022, ach tá an próiseas seo fós ar siúl ag dul isteach in 2023.

Ba é €127,476 an caiteachas iomlán in 2022 ar shaoráidí cartlainne.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Pleanála ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht in An Bord Pleanála atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur dhein an Bord athbhreithniú bliantúil do 2022 ar 29 Márta 2023 ar a éifeachtáí atá na rialuithe inmheánacha.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Tháinig ábhair imní chun cinn le linn 2022 as ar eascair roinnt tuarascálacha agus athbhreithnithe maidir leis an mBord Pleanála. Ardaíodh roinnt ábhar go poiblí maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha i roinnt cásanna pleanála Boird a cinneadh agus éifeachtacht chórais agus nósanna imeachta an Bhoird ina leith seo. Tá na hábhair seo rialaithe ag ceanglais reachtúla faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt

2000, arna leasú, faoi na hAchtanna um Eitic 1995 agus 2001 agus faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus Cód Iompair an Bhoird féin.

Choimisiúnaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta anailís agus tuarascáil neamhspleách maidir le líomhaintí i dtaobh coinbhleachtaí leasa. Tá an tuarascáil seo faoi rún agus níl sí foilsithe ag an Aire ach cuireadh ar aghaidh í chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le haghaidh tuilleadh próiseála.

Ar leith ón bpróiseas seo, cheap Cathaoirleach an Bhoird ag an am foireann inmheánach de phearsanra bainistíochta sinsearaí chun cásanna agus saincheisteanna áirithe a scrúdú, d'fhonn a aithint an bhfuil rioscaí nó ábhair imní ar leith ann maidir le héifeachtacht rialuithe, prótacail, nósanna imeachta agus córais reatha an Bhoird chun coinbhleachtaí leasa féideartha agus nithe gaolmhara a bhainistiú. Níl an tuarascáil seo foilsithe ag an mBord. Tá imscrúdú scóipe ar siúl anois, arna stiúradh ag abhcóide seachtrach neamhspleách, ar na hábhair imní seo.

Choimisiúnaigh agus fuair an té is iarchathaoirleach anois tuarascáil freisin maidir le ball foirne a measadh a bheith riachtanach ar mhaithe le nósanna imeachta córa, agus atá dúnta anois.

Ina theannta sin, rinne Oifig an Rialtóra Pleanála athbhreithniú in 2022 ar chórais agus nósanna imeachta áirithe a úsáideann an Bord Pleanála. Mar thoradh ar an gcéad chéim den athbhreithniú sin foilsíodh tuarascáil dar dáta an 6 Deireadh Fómhair 2022, ina bhfuil 11 mholadh. Foilsíodh tuarascáil ar an dara céim den athbhreithniú an 20 Nollaig 2022 agus chuimsigh sí 23 moladh breise.

Déanfar aon ábhair imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn ón gcleachtadh scóipeála, agus aon mholtaí maidir le rialuithe inmheánacha agus ábhair ábhartha eile a chumhdaítear in aon cheann de na tuarascálacha sin, a mheas go hiomlán agus dírítear orthu ar bhealach iomchuí in 2023, lena n-áirítear trí Chód Iompair nua a ghlacadh.

Glactar leis go mbeidh béim níos airde sa phróiseas seo chun a chinntiú go bhfuil gach córas rialaithe inmheánaigh urrúnta go hiomlán agus oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil gach pearsanra san eagraíocht ar an eolas go hiomlán faoin ngá atá le cloí go docht agus go comhsheasmhach leis an gcód iompair agus le gach córas rialaithe den sórt sin agus na prótacail ghaolmhara.

Le linn 2022 freisin íocadh íocaíochtaí pionóis ar bhonn níos minice le hiarratasóirí nuair nár rinneadh cinntí ar iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta laistigh den spriocthréimhse reachtúil. Forálann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe, 2016, in Alt 9(13)(d), nuair a theipeann ar an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh den tréimhse reachtúil cuspóra de ghnáth 16

seachtaine go ndéanfar íocaíocht de €10,000 leis an iarratasóir. Ní dhearnadh ach íocaíocht amháin den den phionós €10,000 sin in 2021 ach rinneadh 134 íocaíocht den sórt sin arbh fhiú €1.34M san iomlán iad in 2022. Rinneadh 8 n-íocaíocht phionóis Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta bhreise agus deiridh, arbh fhiú €80,000 san iomlán iad, go luath in 2023. Tharla sé seo mar gheall ar an líon suntasach cásanna Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fuarthas ag an am céanna le linn 2022, go páirteach mar gheall ar theacht chun deiridh na reachtaíochta ábhartha ag deireadh 2021. Ní raibh dóthain acmhainní i bhfeidhm chun an líon mór cásanna a fuarthas a chinneadh laistigh den teorainn ama reachtúil.

Ardaíonn an cás seo imní ó thaobh dea-cháile agus cásphróiseála araon agus tionchar ar acmhainní airgeadais mar thoradh air. Cé nach féidir a thuilleadh iarratais straitéiseacha tithíochta a thaisceadh anois mar gheall ar scor an phróisis seo, tá córas fíneálacha pionóis cosúil leis sa chreat reachtúil nua d'iarratais phleanála Forbartha Cónaithe ar Mhórscála ar féidir achomharc a dhéanamh chuig an mBord mar thoradh air. Cuirfear socruithe bainistíochta i bhfeidhm a mbeidh sé mar aidhm acu na hachomhairc seo a chinneadh laistigh den spriocthréimhse reachtúil chun íocaíocht na bhfíneálacha sin a íoslaghdú sna cásanna seo.

Is é an cás fós, i gcónaí, go bhfuil an Bord Pleanála tiomanta do chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na hoibleagáidí reachtúla ábhartha go léir agus na gealltanais uile laistigh dá Chód Iompair agus go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm laistigh den eagraíocht láidir, cuimsitheach agus trédhearcach.



**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta:** 17 Iúil 2023

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchisti Ioncaim Coimeádta

| ***Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*** | **Nóta** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | 21,552,007 | 16,612,341 |
| Táillí | 3(a) | 1,701,517 | 1,723,472 |
| Táillí Tithíochta Straitéisí | 3(b) | 1,781,744 | 2,995,751 |
| Táillí d'Fhorbairtí Cónaithe Mórscála | 3(c) | 14,340 | 0 |
| Taillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisíoc Costas | 4 | 3,045,859 | 2,274,050 |
| Glanchistiú Iarchurtha Pinsin | 7(c) | 3,797,468 | 3,136,020 |
| Ioncam ilghnéitheach | 5 | 5,179 | 6,470 |
| Ús ar Thaiscí | 5 | 0 | 0 |
| Brabús / (caillteanas) ar Shócmhainní Seasta a dhiúscairt | 5 | 200 | 0 |
| **Ioncam Iomlán** | | **31,898,314** | **26,748,104** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Liúntais agus Pinsean | 6 | 19,314,027 | 17,376,460 |
| Costais Bhunaíochta | 8 | 2,404,793 | 2,442,746 |
| Costais Oibriúcháin | 9 | 13,215,107 | 11,016,130 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **34,933,927** | **30,835,336** |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh Leithreasa** | | **(3,035,613)** | **(4,087,232)** |
| Aistriú ó/(chuig) an gCuntas Caipitil | 11 | 322,441 | 326,162 |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithrea** | | **(2,713,172)** | **(3,761,070)** |
| Balance Brought Forward at 1st January | | (4,441,889) | (680,819) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig** | | **(7,155,061)** | **(4,441,889)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21. Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta:** 17 Iúil 2023

**Ms. Bríd Hill**
Príomhoifigeach
**Date:** 17 Iúil 2023

# Ráiteas ar an Ioncam Cuimsitheach

## *Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nóta | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) tar éis Leithreasaí** | | **(2,713,172)** | **(3,761,070)** |
| Gnóthachain (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 7(d) | (10,283,000) | 1,450,000 |
| Athruithe ar na toimhdí is bonn do luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | | 60,107,000 | (3,661,000) |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | | **49,824,000** | **(2,211,000)** |
| Coigeartú ar chistiú na sochar scoir iarchurtha | | (49,824,000) | 2,211,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **(2,713,172)** | **(3,761,070)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.
Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta:** 17 Iúil 2023

**Ms. Bríd Hill**
Príomhoifigeach
**Date:** 17 Iúil 2023

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## Amhail ar an 31 Nollaig 2022

| | Note | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, innealra agus trealamh | 12 | 211,607 | 453,760 |
| Sócmhainní doláimhsithe — Tionscadal Plean-IT | 12 | 98,438 | 178,726 |
| **Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha** | | **310,045** | **632,486** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 685,997 | 626,795 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 8,925,873 | 8,285,510 |
| | | **9,611,870** | **8,912,305** |
| **Dliteanais Reatha (*méideanna a dhlífear laistigh de bhliain*)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 14 | (16,766,931) | (13,354,194) |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | | **(7,155,061)** | **(4,441,889)** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | (123,626,000) | (169,652,000) |
| Sócmhainn cistithe shochar scoir iarchurtha | | 123,626,000 | 169,652,000 |
| **Iomlán na nGlansócmhainní/(na nDliteanas)** | | **(6,845,016)** | **(3,809,403)** |
| **Ag ionadú do** | | | |
| Cuntas Caipitil | 11 | 310,045 | 632,486 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta | | (7,155,061) | (4,441,889) |
| | | **(6,845,016)** | **(3,809,403)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála.

**Ms. Oonagh Buckley**
Cathaoirleach Eatramhach
**Dáta:** 17 Iúil 2023

**Ms. Bríd Hill**
Príomhoifigeach
**Date:** 17 Iúil 2023

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

***Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022***

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Ioncaim ar chaiteachas | (2,713,172) | (3,761,070) |
| Gluaiseacht ar an gCuntas Caipitil | (322,441) | (326,162) |
| Dímheas agus lagú na sócmhainní seasta | 332,905 | 477,260 |
| (Méadú) / laghdú ar infháltais | (59,202) | 589,938 |
| Méadú ar nithe iníoctha | 3,412,737 | 3,375,312 |
| Ús bainc faighte | (0) | (0) |
| **Glansreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **650,827** | **355,278** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, innealra & trealamh a cheannach | (10,464) | (151,098) |
| **Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(10,464)** | **(151,098)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús bainc faighte | 0 | 0 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **0** | **0** |
| **Glanmhéadú (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Cóibhéisí Airgid** | **640,363** | **204,180** |
| Airgead tirim agus cóibhéisí airgid ag 1 Eanáir | 8,285,510 | 8,081,330 |
| **Airgead agus Cóibhéisí Airgid ag 31 Nollaig** | **8,925,873** | **8,285,510** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022**

**1. Beartais Chuntasaíochta**
Leagtar amach thíos bunús na mbeartas cuntasaíochta suntasach a ghlac an Bord Pleanála. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh An Bord Pleanála in 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, agus tá oifig aige ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Is ar an mBord Pleanála atá an cúram achomhairc agus gnóthaí áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2022 agus as iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta agus as iarratais dhíreacha ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, lena n-áirítear mórthógraí bóthair agus iarnróid, a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna eile ag an mBord Pleanála chun achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta a chinneadh.

**b) Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir na reachtaíochta is infheidhme, agus le FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA.

**c) An Bonn Ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas airithe a thomhaistear mar luacha cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Phleanála.

**d) Deontais Oireachtais**
Áirítear deontais Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34, Fo-mhírcheann D3) ar bhonn fáltais airgid ach amháin i gcás an deontais a

cuireadh ar fáil go sonrach le haghaidh tionscadal Plean-IT (straitéis TFC) an Bhoird a áirítear mar mhír chaite (Nóta 2).

**e) Ioncam ó Ús**

Aithnítear ionca úis ar bhonn fáltais airgid.

**f) Táillí**

Léiríonn siad seo táillí a íoctar leis an mBord maidir le hachomhairc, iarratais agus ábhair eile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird lena gcinneadh faoi achtacháin éagsúla. Na táillí a íoctar iarbhír, socraítear iad faoi rialachán an Aire nó cinneann an Bord Pleanála iad le ceadú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir na bhforálacha reachtúla seo a leanas:

- Alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe.
- Alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe.
- Ailt 7 agus 7A den Acht um Rialú Foirgníochta, 1990, arna leasú.
- Ailt 6 agus 19 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú agus alt 103 den Acht Seirbhísí Uisce, 2007.

Léirítear ioncam táillí glan ar aisíocaíochtaí, a dhéantar maidir le hachomhairc neamhbhailí, tarchuir agus cásanna eile agus freisin glan ar aon phionóis cinnidh déanach a íocadh.

**g) Forbairt Bonneagair Straitéisigh**

Na táillí a íoctar i leith iarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh, cinneann an Bord iad le ceadú an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2002 (leasaithe).

Gearrann an Bord táille thosaigh sa raon ó €30,000 go €100,000 i dtaca le hiarratais ar fhorbairt bonneagair straitéisigh. Áirítear na táillí sin ar bhonn fáltais airgid. Measúnaíonn an Bord costas cásanna aonair a mheasúnú agus d'fhéadfadh sé costais bhreise a lorg nó cuid den táille a aisíoc, de réir mar a bheadh. Déantar cúiteamh ar chostais bhreise agus aisíoc táillí a chuntas de réir mar a bhíonn siad dlite.

**h) Réadmhaoin, Innealra agus Trealamh**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d’aon soláthar do lagú. Soláthraítear dímheas ar gach réadmhaoin, innealra agus trealamh ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach mar a leanas:

(i) Foirgnimh léasachta 10% in aghaidh na bliana
(ii) Athchóiriú ar Fhoirgnimh Reatha 10% in aghaidh na bliana
(iii) Daingneáin agus Feistis 20% in aghaidh na bliana
(iv) Ríomhairí agus Trealamh Teicniúil sa raon ó 20% go 33.33% in aghaidh na bliana.

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofar faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn dulta in aois cheana féin agus sa riocht a rabhthas ag súil leis ag deireadh a ré úsáidigh.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil bearnú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

**i) Sócmhainní Doláimhsithe**

Is é beartas an Bhoird Pleanála cuntas a thabhairt ar shócmhainní doláimhsithe faoi alt 18 de FRS102. Cuirtear tús le hamúchadh sócmhainní a luaithe a fhorbraítear an tsócmhainn agus nuair a úsáidtear í:

Plean-IT Caipiteal Tionscadail 20% in aghaidh na bliana líne dírí

**j) Cuntas Caipitil**

Is ionann an Cuntas Caipitil agus méid neamhamúchta an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta

**k) Sochair d’Fhostaithe**

<u>Sochair ghearrthéarmacha foirne</u>

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear ar fhigiúr na Nithe Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sochair a charntar ag deireadh bliana.

**l) Sochair Scoir**

(a) Feidhmíonn an Bord scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe trí mheán ceithre scéim neamhspleácha éagsúla, mar atá:

- Scéim Aoisliúntais Foirne an Bhoird Phleanála 1986 go 2006,
- Scéim Phinsin Ranníocach Fhoireann an Bhoird Phleanála do Chéilí agus Leanaí 1986,
- Scéim Aoisliúntais an Bhoird Phleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) 1986 go 2009, agus
- Scéim Phinsin Ranníocach Chéilí agus Leanaí an Bhoird Phleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) 1986 go 2002.

Déantar soláthar sna scéimeanna pinsin sin le sochair shainithe arna gceadú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi alt 119 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, chun sochair pinsin a íoc le agus maidir le fostaithe agus le comhaltaí an Bhoird.

Maoinítear na scéimeanna sin go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a chaitear' ó airgead atá ar fáil don Bhord Pleanála, lena n-áirítear airgead ón státchiste arna sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuill comhaltaí an Bhoird agus baill foirne sa tréimhse, agus luaitear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choimeádann an Bord Pleanála. Aithnítear méid is ionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is gur suim inaisghafa é, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráitas ar na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inaisghafa ó Státchistí arna sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is ionann dliteanais pinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú aoisliúntais iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheadh le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí as an Státchiste arna soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

(b) Anuas air sin, oibríonn an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha síos san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile),

2012. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**m) Costais dlí**

Is é beartas an Bhoird Pleanála go n-íocfar aon chostas dlíthiúil a dhámhtar ina choinne i gcás iarratas faoi athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird Phleanála tar éis cásanna a bheith curtha de láimh sna Cúirteanna Uachtaracha lena mbaineann.

Is é beartas an Bhoird Pleanála, leis, go n-íocfar aon chostas dlí a dhámhtar ina choinne tar éis cásanna a bheith curtha de láimh i gcomhréir le toradh na bpléití/na hidirbheartaíochta socraíochta nó costais chánachais a chinn Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil go foirmiúil.

I gcásanna ina bhfuil sé indéanta, féachann an Bord lena chostais dlíthiúla a aisghabháil i gcás caingne dlí ina ndámhann na Cúirteanna na costais sin (féach Nóta 16 (a)). Déantar costais dlí a aisghabhtar a chuntas ar bhonn fáltas airgid agus glantar iad ar tháillí caiteachais dhlíthiúil sa bhliain reatha. Mar sin, ní dhéantar méideanna inghnóthaithe dlíthiúla a thaifeadadh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Déanann an Bord meastachán ar na táillí dlí ar chásanna a chinneann na Cúirteanna laistigh den bhliain airgeadais. Déantar foráil do na costais dlí mheasta seo i ráitis airgeadais an Bhoird.

Táillí dlí i gcás cásanna nár chinn na Cúirteanna go fóill agus atá

- sonrasctha ag dlíodóirí an Bhoird sa bhliain airgeadais, gearrtar iad ar tháillí caiteachais dlí sa bhliain.
- tabhaithe ag an mBord ach gan a bheith sonrasctha ag dlíodóirí an Bhoird laistigh den bhliain airgeadais, déantar meastachán agus foráil maidir leo i ráitis airgeadais an Bhoird.

Ina theannta sin, déantar costais gan íoc a athbhreithniú agus a dhíscríobh nuair a mheastar iad a bheith do-aisghabhála.

**n) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an léasa.

**o) Infháltais**

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Níl aon infháltas iasachtaí le tomhas.

**p) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid**
Léirítear airgead tirim ag airgead ar láimh agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais atá inaisíoctha gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig.. Is ionann coibhéisí airgid agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais atá inaisíoctha gan phionós ar fhógra nach faide ná 30 lá.

**q) Suimeanna Iníoctha**
Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Níl aon dliteanas airgeadais eile, iasachtaí bainc san áireamh, le tomhas.

**r) Beartas airgeadra in úsáid**
Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb é airgead na príomhthimpeallachta eacnamúla ina n-oibríonn an Bord Pleanála.

**s) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla:**
Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na meastacháin seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

(a) Forálacha

